

Caighdeánú na Gaeilge

Kevin Scannell
Páipéar léite ag comhdháil ACIS 2017
Kansas City, Missouri
1 Aibreán 2017

Baineann an léacht seo leis an gCaighdeán Oifigiúil. Tháinig an chéad leagan den Chaighdeán amach sa bhliain 1945 (“Litriú na Gaeilge...”), agus an Caighdeán ina iomláine sa bhliain 1958. Leagann sé amach córas simplithe litrithe agus gramadaí don Ghaeilge. D’éirigh go breá leis an gCaighdeán agus cloíonn formhór na dtéacsanna Gaeilge sa lá atá inniu leis: nuachtáin, téacsleabhair, cáipéisí oifigiúla, agus fiú póstálacha sna meáin shóisialta. Ba chóir dom a rá go gcloíonn siad leis an gCaighdeán “den chuid is mó”; tuilleadh faoi seo i gceann nóiméid.

Ar an sleamhnán (#2) seo, feicfidh tú sampla de théacs réamhchaighdeánach in éineacht le leagan caighdeánaithe.

Más fíor gur éirigh go breá leis an gCaighdeán Oifigiúil, má tá gach duine á úsáid anois, cad é an fhadhb? Bhuel, tá go leor seantéacsanna againn i bhfoirm leictreonach, leabhair de chuid An Gúm a foilsíodh sa tréimhse ó 1920-1940, irisí mór-le-rá (Irisleabhar na Gaeilge, An Claíomh Solais, An tÉireannach), scríbhinní tábhachtacha an Phiarsaigh, de hÍde, srl. Tá cuid mhaith acu ar fáil ar líne, agus cinn eile in úsáid ag foirne foclóireachta, mar shampla in Acadamh Ríoga na hÉireann, le haghaidh Fhoclóir na Nua-Ghaeilge. Ach, má dhéantar cuardach ar “Meiriceá” (M-E-I-R-I-C-E-A-Fada) i nGoogle mar shampla, faightear torthaí leis an litriú sin amháin, cé go bhfuil go leor samplaí eile ar an nGréasán a bhaineann úsáid as litrithe neamhchaighdeánacha agus dá bharr sin ní féidir teacht orthu go héasca.

Mar sin, an phríomhspríoc atá agam leis an togra seo ná *cuardach a éascú*, trí seantéacsanna a chaighdeánú go huathoibríoch, agus innéacs inchuardaithe a chruthú bunaithe ar an leagan caighdeánaithe de gach focal. Tugaim “An Caighdeánaitheoir” ar an ríomhchlár seo. Rud amháin suimiúil faoi seo ná gur féidir an próiseas innéacsaithe seo a chur i gcrích gan an téacs caighdeánaithe a fhoilsiú nó a chur os comhair an phobail ar chor ar bith.

Mar spríoc tánaisteach, is féidir an caighdeánaitheoir a úsáid chun seanleabhair a chur in oiriúint do léitheoir an lae inniu. Tá go leor leabhar den sórt seo ar fáil cheana (Peig, An tOileánach, srl.), ach tá an obair seo déanta de láimh – obair mhaslach dar liomsa.

Tá cúpla buntáiste ann freisin a bhaineann le cúrsaí teicniúla i mo réimse féin; is é sin, uirlisí ríomhaireachta (clibeálaithe, parsálaithe) a bhí dírithe ar Ghaeilge chaighdeánach i dtús báire a chur in oiriúint do théacsanna níos sine. Agus, sa treo eile, is féidir feabhas a chur ar na huirlisí céanna trí úsáid a bhaint as sonraí ón tréimhse roimh an gCaighdeán. Faoi láthair, déanann lucht Google “traenáil” ar Google Translate Béarla-Gaeilge le go leor aistriúchán ar cháipéisí oifigiúla: cinn de chuid an Aontais Eorpaigh, rialtas na hÉireann, mar sin de. D’fhoilsigh An Gúm go leor leor aistriúchán den chéad scoth sna tríochaidí, ach mar gheall ar an seanlitriú níorbh fhéidir iad a úsáid i gcomhair córais aistriúcháin; anois, is féidir, trí úsáid a bhaint as an gcaighdeánaitheoir.

Mar léiriú ar cheann de na deacrachtaí is mó a bhí romham, feicfidh tú cúpla tweet a chuir mé amach le déanaí ar an sleamhnán seo (#4), ina bhfuil litrithe éagsúla ar “Jerusalem” agus “America” as an gcorpas mór atá agam. Tá go leor samplaí eile den tsórt seo ar fáil!

Conas a dhéantar an caighdeánú, mar sin? An cleas atá agam ná déileáil leis an nGaeilge roimh an gCaighdeán *mar theanga iasachta*, agus “aistriúchán” a dhéanamh go dtí Gaeilge an Chaighdeáin. Sa chaoi seo is féidir liom úsáid a bhaint as uirlisí agus teicnící an ríomhaistriúcháin, chun teacht ar réiteach ar fhadhb atá i bhfad níos éasca ná aistriúchán idir, abair, Béarla agus Gaeilge!

Tá dhá chomhpháirt ann; comhpháirt staitistiúil bunaithe ar chorpas comhthreomhar agus comhpháirt bunaithe ar rialacha litrithe den sórt a fheiceann tú ar an sleamhnán seo (#5), roinnt acu tógtha go díreach ó lámhleabhar an Chaighdeáin, ach i bhfad níos mó bainte amach go huathoibríoch ó anailís ar an gcorpas comhthreomhar.

Cad faoi an gcorpas comhthreomhar seo? Luaigh mé roinnt de na leabhair a bhí foilsithe den chéad uair roimh an gCaighdeán, agus a bhfuil leaganacha caighdeánaithe acu anois, déanta de lámh: Peig, Fiche Bliain Ag Fás, Séadna, Seacht mBua an Éirí Amach, Mo Scéal Féin, Deoraíocht, An tOileánach, srl. Mar a tharlaíonn sé, tá sé i bhfad níos éasca teacht ar na seanleaganacha i bhfoirm leictreonach toisc go bhfuil go leor acu ar fáil i gcorpas de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann. San iomlán, tá beagnach céad míle péire abairtí sa chorpas, dhá mhilliún focal ar gach taobh.

Ba mhaith liom ceist fhealsúnach a phlé anois: cad is “Caighdeán” ann?! Nó, mar a scríobh Michal Mechura ina bhlag: “Cad is brí le ‘caighdeánach’ san aois iar-nua-aoiseach seo?”! Caighdeán 1958? Caighdeán Athbhreithnithe 2012? Caighdeán Athbhreithnithe Athbhreithnithe 2016? Agus ó thaobh litrithe? Cad é an litriú ceart ar an téarma Gaeilge ar “topography”? De réir fhoclóir Uí Dhónaill is éard atá ann ná “topagrafach”; de réir de Bhaldrathe, “topografaíocht”; ar tearma.ie agus sa New English Irish Dictionary: “topografaíocht”. An ceann deireanach seo a chuir mé sa litreoir GaelSpell, acmhainn a chuireann an caighdeán i bhfeidhm ó lá go lá i measc an phobail!

Ar aon nós, tagann an sainmhíniú atá agam, go praiticiúil, ó na sonraí, mar is gnáth. Úsáidim corpas ollmhór ón Ghréasán, ina bhfuil níos mó ná 150 milliún focal Gaeilge. Is féidir liom droch-Ghaeilge agus Gaeilge sa seanlitriú nó nach gcloíonn le Caighdeán ar bith amach as; sainmhíniú an méid atá fágtha an Caighdeán, go staitistiúil.

Sa ríomhaistriúchán, tarlaíonn na fadhbanna go léir nuair a bhíonn **rogha** ag an ríomhaire! Toisc go bhfuil an córas litrithe sa chaighdeán níos simplí ná an seanlitriú, tá an caighdeánú i bhfad níos éasca ná aistriúchán sa treo eile! Dea-scéal é seo. Mar shampla, an focal “bá”: freagraíonn sé trí fhocal éagsúla sa seanlitriú a chiallaíonn “drowning”, “love” or “sympathy”, agus “bay” faoi seach.

Ach ní bhíonn an t-ádh orainn i gcónaí! Go leor samplaí ina bhfuil gá le rogha:

- “Scríobh mé leitir” (leitir=hillside, anseo malairt “litir”)
- “Bhí náire ortha” (ortha=spell, anseo malairt “orthu”)
- “Ba bhreá léithe é” (léithe=greyness, anseo malairt “léi”)

Anois, na torthaí. Rinne mé measúnú ar chorpas mór de théacsanna ón tréimhse 1882-1940, timpeall is 12 milliún focal, agus clúdaíonn an Caighdeánaitheoir beagnach 98 faoin gcéad de na focail, leibhéal

an-ard ar fad, níos airde ná clúdach GaelSpell ar théacsanna nua! Tá sé níos measa ar théacsanna níos sine; mar shampla, titeann an clúdach go dtí ~96% ar Foras Feasa ar Éirinn (gan na hainmneacha dílse san áireamh).

Faoi láthair, úsáideann na foirne foclóireachta in Acadamh Ríoga na hÉireann (Foclóir na Nua-Ghaeilge) agus An Gúm (New English-Irish Dictionary) an Caighdeánaitheoir mar uirlis innéacsaithe. Tá mé buíoch de na foirne sin, go háirithe Cathal Convery, Pádraig Ó Mianáin, agus Ruairí Ó hUiginn as an gcúnamh a thug siad dom thar na blianta.

Mar fhocal scoir, cúpla rud úrnua... Ar dtús, anois is féidir leatsa triail a bhaint as an gCaighdeánaitheoir ar líne. Rinne Michal Mechura comhéadan deas mar chuid dá shuíomh “Pota Focal” a thaispeánann na focail chaighdeánaithe mar shórt anótáil ar an mbuntéacs go díreach mar a dhéantar ar an suíomh Intergaelic.

Agus timpeall mí ó shin, mar pháosa craice deireadh seachtaine amháin, rinne mé leagan caighdeánaithe d’aistriúchán a rinne An tAthair Peadar Ó Laoghaire ar Euclid’s Elements. Chum an tAthair Ó Laoghaire go leor téarmaí nua mar chuid den aistriúchán, téarmaí nach bhfuil againn a thuilleadh (mercifully) agus rinne mé normalú ar na téarmaí sin sa leagan caighdeánaithe (gan an normalú, tá an buntéacs go hiomlán doléite, fiú mar dhuine le PhD sa Matamaitic!). Tá mé buíoch de m’iníon Maddy a rinne na léaráidí go léir bunaithe ar na cinn sa mbuntéacs.

Amach anseo, ba mhaith liom na sonraí ó sheanfhoclóirí eile a chur san áireamh, mar shampla Foclóir an Duinnínigh (1927), agus Foclóir O’Reilly (1864), agus na ceannfhocail a nascadh lena leagan sa nualitriú. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom an clúdach ar théacsanna níos sine a fheabhsú – obair chrua foclóireachta atá i gceist leis sin. Agus más féidir liom é sin a dhéanamh, níos mó leabhair ón tréimhse roimh 1882 a chur ar fáil ar líne.